

# SIAMSÁN SA MBAILE!

## Clocha Daite!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Péinteáil ar chloch(a).

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: [eolas@tuismitheoiri.ie](mailto:eolas@tuismitheoiri.ie)

Roghnófar buaiteoir ar an Luan 20 Aibreán mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

**An Duais:** Dearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

## Clocha Daite!

1. Roghnaigh cloch mhór leathan nó cloch chaol a bhfuil dromchla réidh uirthi.
2. Déan cinnte nach bhfuil aon salachar ar an gcloch. Nigh agus triomaigh í más gá.
3. Roghnaigh mana, frása nó focal dearfach (féach na nodanna thíos).
4. Clúdaigh do chloch le do rogha dath.
5. Scríobh an mana atá roghnaithe agat ar bhealach ealaíonta ar an gcloch.
6. Cuir tuilleadh maisiúcháin ar an gcloch nó péinteáil do rogha pictiúr timpeall ar na focail atá scríofa agat le péint nó marcóirí daite.
7. Fág go leataobh é go dtriomóidh sí.
8. Leag an chloch in áit fheiceálach (ar leic na fuinneoige nó ar an drisiúr) le go dtabharfaidh sé ardú croí duit gach aon uair a rachaidh tú thairis.

Is féidir na manaí agus na focla dearfacha seo a úsáid: Tíocfaimid Slán; Beidh Gach Rud Go Breá; Dóchas; Misneach; Sláinte; Tar Slán; Grá Mo Chroí Thú; Lig do Scíth; Ná Cail Do Mhisneach; Bí Go Lách. Bheadh fáilte roimh do chuid manaí féin freisin!

# 'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Tuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scriosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí  
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta